

**TUMOIDEACHAS SAN
IAR-BHUNSCOIL GHAELTACHTA:**
EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ
AGUS DO CHAOMHNÓIRÍ

www.gaeloideachas.ie

Gaeloideachas 

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Iar-bhunscoil Ghaeltachta

Is í príomhaidhm na hIar-bhunscoile Gaeltachta ná oideachas den chéad scoth a sholáthar trí mheán na Gaeilge a thabharfaidh scileanna sóisialta, intleachtúla agus teicniúla do na daltaí a chuideoidh leo bheith ina ndaoine fásta iomlána agus gearnála.

Céard a chiallaíonn tumoideachas san Iar-bhunscoil Ghaeltachta?

Is í an Ghaeilge teanga teagaisc, chumarsáide, riaracháin agus sóisialaithe na scoile. Is trí Ghaeilge a mhúintear na hábhair ar fad, seachas Béarla agus teangacha iasachta.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta, agus Ardchaighdeán Oideachais

Tá meascán teangeolaíoch anois sa phobal agus sa seomra ranga Gaeltachta. Bíonn difríochtaí móra sa chaighdeán Gaeilge a bhíonn ag daltaí a fhreastalaíonn ar an Iar-bhunscoil Gaeltachta. Is cainteoirí dúchais cuid acu ó theaghlaigh lán-Ghaeilge, bíonn beagán Gaeilge ag cuid eile agus bíonn roinnt daltaí nach mbíonn aon Ghaeilge acu. Is de bharr seo go bhfuil an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-22 á fheidhmiú sna scoileanna Gaeltachta ó Mheán Fómhair 2017.

Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é an cur chuige tumoideachais, mar atá molta sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, an bealach is fearr chun caighdeán Gaeilge an chainteora dúchais agus an fhoghlaiméora Gaeilge a threisiú, le go mbainfidh siad an caighdeán oideachais is fearr amach.

Is í aidhm an Pholasáí ná a chinntiú go bhfuil oideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil do na daoine óga uile atá ag freastal ar scoil Gaeltachta.

Buntáistí an Tumoideachais san Iar-bhunscoil Ghaeltachta don Dalta

Is é an córas tumoideachais an córas is oiriúnaí:

- don dalta arb í an Ghaeilge a theanga dúchais
- don dalta atá ag foghlaim na Gaeilge

Is é an an córas is fearr chun an dara teanga a mhúineadh agus a fhoghlaim ar scoil.

Beidh daltaí na Gaeltachta dátheangach agus déilteartha. Beidh siad líofa i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh siad in ann léamh agus scríobh sa dá theanga. Dá bharr, beidh sé níos éasca acu teangacha eile a fhoghlaim. Beidh scileanna cumarsáide, tuisceana agus ceistiúcháin níos fearr acu. Beidh tuiscint agus ómós ag daltaí dá gcultúr agus bhféiniúlacht féin agus do chultúir eile. Beidh daltaí na Gaeltachta níos cumasaí chun tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta sa Ghaeltacht, ar fud na hÉireann agus thar lear. Tá bónasmharcanna ar fáil d'iarthóir in ábhair áirithe san Ardeist nuair a fhreagraíonn sé/sí na scrúduithe scríofa trí mheán na Gaeilge.

Buntáistí an Tumoideachais san Iar-bhunscoil Ghaeltachta don Ghaeltacht

Beidh na pobail Ghaeltachta níos láidre ó thaobh na teanga labhartha de.

Leagfar béim an-láidir sa scoil ar an gcultúr Gaelach - ceol, drámaíocht, díospóireacht, cluichí, damhsa agus eile. Beidh na pobail Ghaeltachta níos láidre ó thaobh an chultúir de.

Cabhróidh sé le tionscail Ghaeltachta ar nós coláistí samhraidh, turasóireacht chultúrtha, na meáin Ghaeilge agus eile.

Buntáistí an Tumoideachais

Cad is fiú an tumoideachas don pháiste?
Cad a deir an taighde in Éirinn agus
go hidirmáisiúnta?

Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh
ar bhealaí **níos cruthaithí**



Bíonn siad níos fearr **ag
tabhairt aird, ag díriú
ar thascanna** agus á
gcur i gcrích



Scileanna cuimhne
níos fear



Léiríonn taighde gur féidir
leis an dátheangachas móil
cheithre bliana a chur ar
ghalar Alzheimer


Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus
litearthacht sa Ghaeilge agus sa
Bhéarla araon ar scoil

Tuiscint níos fearr dóibh
ar na **bunchlocha teanga**,
gramadach, déanamh focal,
ord abairte



Níos éasca do na páistí
teangacha eile a fhoghlaim leis
na scileanna litearthachta atá
sealbhathe acu



Scileanna inaistrithe iad seo
gur féidir a chur i bhfeidhm i
dteangacha eile

Scileanna éisteachta
agus **cumarsáide** níos
éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad**
féin a chur in iúl
agus níos fearr in ann
daoine eile a thuiscint

**Scileanna
cumarsáide**

Muinín agus féiniúlacht

Níos mó teagmhála ag na
páistí le cultúir éagsúla
agus bíonn **meas níos
mó** acu orthu


Spreagtar **íochultúrachas**
níos doimhne agus níos lú
cnióchais



Tuiscint níos fearr do na páistí ar
a gcuid féiniúlachta féin — bíonn
féinmheas níos mó acu



Gnóthachtáil san oideachas



Gnóthachtáil níos airde sa
Bhéarla agus sa mhata araon
ag páistí i scoileanna lán-
Ghaeilge i gcomparáid lena
bpiarghrúpa i scoileanna
meán-Bhéarla

Is mó seans go gcuirtear
curaclam níos leithne ar
fáil i mbunscoileanna
lán-Ghaeilge ná mar a
chuirtear ar fáil i
scoileanna eile

Is féidir go mbronnfar
marcana breise ar
iarrthóirí a fhreagraíonn
scrúdú scríofa Ardeiste trí
Ghaeilge



Fianaise uait? Tuilleadh eolais maidir leis na
buntáistí agus na tagairtí taighde lena mbaineann
ar fáil ar **www.gaeloideachas.ie**

Ceisteanna Coitianta

Cén buntáiste atá ag an tumoideachas don chainteoir dúchais san iar-bhunscoil Ghaeltachta?

De bharr go mbeidh na hábhair churaclaim ar fad (seachas Béarla agus teangacha iasachta) á múineadh trí Ghaeilge agus gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide, riaracháin agus sóisialaithe na scoile, beidh Gaeilge an chainteora dúchais á cosaint agus á saibhriú go leanúnach.

Cén buntáiste atá ag an tumoideachas don fhoghlaimoir san iar-bhunscoil Ghaeltachta?

Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é an cur chuige tumoideachais an bealach is fearr chun caighdeán Gaeilge an fhoghlaimora a threisiú le go mbainfidh siad an caighdeán oideachais is fearr amach. Tá foinsí tairghe maidir leis seo ar fáil ar www.gaeiloideachas.ie.

Céard faoin mBéarla? An mbeidh daltaí na Gaeltachta faoi mhíbhuntáiste de bharr a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge?

Ní bheidh. Beidh na daltaí a fhreastalaíonn ar an iar-bhunscoil Ghaeltachta líofa i nGaeilge agus i mBéarla. Is dea-thionchar seachas drochthionchar a bhíonn ag an tumoideachas lán-Ghaeilge ar chumas Béarla an dalta. Méadaíonn cumas na ndaltaí i dteangacha eile (an Béarla san áireamh) seachas a mhalairt.

An mbeidh siad ullmhaithe le freastal ar an tríú leibhéal?

Beidh. Tá daltaí ó iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag plé le réimse leathan ábhar in instiúidí tríú leibhéal ar fud na hÉireann agus thar lear: airgeadas, eacnamaíocht agus cuntasáocht, dlí, eolaíocht, mata agus innealtóireacht, eolaíochtaí sláinte, na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, oideachas, teicneolaíocht

faisnéise agus eile. Tá iardhaltaí eile ag plé le printíseachtaí agus gairmeacha beatha eile freisin de bharr na scileanna atá foghlamtha acu ar scoil.

Coinnítear 10% d'áiteanna sna coláistí oiliúna d'iarrthóirí Gaeltachta agus laghdaítear líon na bpointí Ardeiste a theastaíonn do na cúrsaí múinteoireachta iontu.

An bhfuil oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do daltaí le riachtanais speisialta?

Tá. Déanann iar-bhunscoileanna Gaeltachta freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta díreach mar a dhéanann scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus tá na tacaíochtaí céanna ar fáil iontu do dhaltaí agus a dtuismitheoirí.

Freastalaíonn scoileanna na Gaeltachta ar dhaltaí le réimse riachtanais speisialta fhisiciúla agus oideachasúla; daltaí le deacrachtaí radhairc agus éisteachta, neamhoird de chuid speictream an uathachais, disléicse, agus riachtanais speisialta oideachais eile.

Maítear nach ndéanann an tumoideachas dochar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais agus dearbhaíonn tuairisc ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in 2011 go dtacaíonn an córas le forbairt shóisialta, mhothúcháin agus idirphearsanta.

An bhfaigheann daltaí pointí Ardeiste sa bhreis as ucht an scrúdú a dhéanamh trí Ghaeilge?

Faigheann. Má fhreagraíonn iarrthóir páipéar scrúdaithe scríofa in ábhair Ardeiste ar leith trí mheán na Gaeilge, d'fhéadfaí bónasmharcanna a thabhairt dó/di. Tá tuilleadh eolais maidir le seo ar fáil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar www.examinations.ie.

An bhfuil leabhair agus áiseanna ar fáil do na daltaí i nGaeilge?

Tá. Cuireann COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) réimse áiseanna agus téacsleabhair i nGaeilge ar fáil do gach ábhar. Tá eolaire d'áiseanna teagaisc ar fáil acu ar www.cogg.ie.

An bhfuil ceisteanna eile agat?

Cuir glaoch ar Gaeloideachas ag:
Oifig (01)8535195

Niamh De Búrca 087 9155114

Peigí Ní Chonghaile 087 9452452

Tá eolas cuimsitheach maidir leis an eagraíocht agus an córas oideachais lán-Ghaeilge ar fáil ar www.gaeloideachas.ie, agus foilsítear ábhar go rialta ar [Twitter.com/gaeloid](https://twitter.com/gaeloid) agus [Facebook.com/gaeloideachas](https://facebook.com/gaeloideachas) chomh maith.

Tacaíocht do Thuismitheoirí

Cén chaoi ar féidir le Tuismitheoirí agus Caomhnóirí cúnamh a thabhairt?

Ta sé tábhachtach meon dearfach agus spreagúil maidir leis an scoil agus an Ghaeilge a léiriú. Fiú murab í an Ghaeilge an teanga theaghlaigh, cabhróidh sé go mór le d'iníon/mac má léiríonn tú dóibh go bhfuil fionspéis agat sa sealbhú teanga agus an dul chun cinn atá á dhéanamh acu.

Bain úsáid as an méid Gaeilge atá agat le do pháiste sa bhaile.

Mar thacaíocht do thuismitheoirí ar bheagán Gaeilge beidh ranganna agus imeachtaí cultúrtha agus sóisialta trí Ghaeilge á n-eagrú ag an gCoiste Pleanála Teanga áitiúil, féach www.udaras.ie.

Cuireann Gaeloideachas na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do thuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta:

Líne Chabhrach 01 8535195

Fáiltítear roimh theagmháil ó thuismitheoirí i nGaeilge nó i mBéarla. Bíonn foireann na heagraíochta lánsásta ceisteanna a fhreagairt agus comhairle a thabhairt maidir le hoideachas lán-Ghaeilge do do pháiste. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn chomh maith ar ríomhphost nó trí na meáin shóisialta.

www.gaeloideachas.ie

Eolas cuimsitheach i nGaeilge agus i mBéarla maidir le hoideachas lán-Ghaeilge: nuacht, léarscáil agus sonraí teagmhála na naíonraí agus na scoileanna, taighde, acmhainní agus eile.

www.irishforparents.ie

Acmhainní féin-theagaisc do thuismitheoirí gur mian leo Gaeilge a fhoghlaim, agus acmhainní do mhúinteoirí a chuireann ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí.

Stocaireacht agus Abhcóideacht

Mianta tuismitheoirí a chosaint i leith oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí agus ionadaíocht thar a gceann ar raon leathan saincheisteanna.

Eolas Fúinn

Bunaíodh Gaelscoileanna in 1973 mar eagraíocht dheonach náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. In 2014, ceapadh Gaelscoileanna ina heagraíocht tacaíochta do scoileanna na Gaeltachta freisin. Athraíodh ainm na heagraíochta go Gaeloideachas agus socraíodh go mbeadh ionadaíocht ó na scoileanna Gaeltachta ar an mbord stiúrtha. Ceapadh beirt oifigeach forbartha don Ghaeltacht agus tá siad lonnaithe in oifig na heagraíochta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Áirítear i measc rólil agus feidhmeanna na heagraíochta: comhairle, cúnaimh agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí agus chaomhnóirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, mar aon le seirbhís tacaíochta a sholáthar do naíonraí (lasmuigh den Ghaeltacht) agus scoileanna.

Tá an eagraíocht aitheanta mar Pháirtí Oideachais ag an Roinn Oideachais & Scileanna. Faigheann sí maoiniú ó Foras na Gaeilge agus ón táille ballraíochta a íocann scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta léi.



www.gaeloideachas.ie



twitter.com/gaeloid



Facebook.com/gaeloideachas



Foras na Gaeilge



Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie
www.gaeloideachas.ie